



Cóipeáil!

CONCERN
worldwide




AN BHURÚIN COMHAD FÍRICÍ

- **Príomhchathair:** Bujumbura
- **Daonra:** 11.2 Milliún¹
- **Achar Talún Iomlán:** 27,834 km², tá sí ar cheann de na tíortha is lú san Afraic
- **Príomhearraí Easpórtála:** Caife, tae, craicne ainmhithe, mian stáin

- **Scór ar an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna:** 185 (as 189)²
- **Teorainneacha:** An Ruanda, an Tansáin, Poblacht an Chongó
- **Teangacha Oifigiúla:** Kirundi (oifigiúil), Fraincis (oifigiúil), Svahaílis
- **Fiadhúlra:** Leoin, antalóip giorriacha, buabhaill, crogail, dobhareacha agus speicis éagsúla éin
- **Acmhainní Nádúrtha:** Ór, copar, úráiniam, tungstan, nicil, stán, móin, platanam, aolchloch, vanaidiam, tantalum, niaibiam, caoilín, cóbalt
- **Lá Náisiúnta:** 1 Iúil (Lá na Saoirse)
- **Mana Náisiúnta:** “Ubumwe, Ibikorwa, Iterambere” (Aontas, Obair, Forás)
- **Amhrán Náisiúnta:** “Burundi Bwacu”
- **Sainchomharthaí:** Foinsí Mugara, Pluais Kayove, Eas Karera

- Is fógra an mhíchothaithe é an fás cranda.
- Ní fhásann agus ní fhorbraíonn páistí míchothaithe ag an ngnáthrata agus is minic a bhíonn siad cranda nó ‘róbheag dá n-aois’.



Céard atá ar siúl ag Concern Worldwide sa Bhurúin?

Tá Concern Worldwide ag obair sa Bhurúin ó 1997. Dírimid ar shlite beatha, an tsláinte, an t-oideachas agus an cothú.

¹ <https://data.worldbank.org/country/burundi?view=chart>

² Human Development Index 2018: <http://hdr.undp.org/en/2018-update>



Photo: Abbie Trayler-Smith/Panos for Concern

SCÉAL INES

Cónaíonn Ines, atá cúig bliana d'aois, lena máthair Clothilde agus a teaghlach i dteach dhá sheomra faoin tuath sa **Bhurúin**. Tuilleann Clothilde agus a fear chéile airgead trí **chasabhach** agus arbhar a fhás. Is breá le Ines a bheith páirteach sna hullmhúcháin bhia agus sa chócaireacht sa bhaile.

Thug Concern Worldwide tacaíocht dá teaghlach maidir le cothú, sláinte agus an tsláinte. Tá cabhair acu anois má éiríonn siad tinn agus cuireadh cóir leighis ar na páistí in aghaidh na **maláire**.

Aithníonn Ines an tábhacht a bhaineann le **haiste chothrom bia** agus itheann sí faoi dhó lena teaghlach. Is éard atá sna béilí ná pónairí, arbhar, rís, taos casabhaigh, prátaí milse agus glasraí. Tá an-chuid fuinnimh ag Ines agus is breá léi a bheith ag súgradh lena cairde sa sráidbhaile.

Oibríonn Concern le feabhas a chur ar shaoilte os cionn 58,000 páiste cosúil le Ines atá i mbaol an mhíchothaithe sa Bhurúin. Tá teaghlach Ines ar cheann de na 55,000 teaghlach atá ag baint leas as tacaíocht sláinte agus cothú in Cibitoke, an Bhurúin ó mhí Iúil 2018.

CÉARD É AN CASABHACH?



Is glasra fréimhe stáirsíúil é casabhach atá an-chosúil leis an bpráta milis. Éagsúil ón bpráta bán, is féidir na duilleoga a ithe. Tá mar phríomhbhia in aistí bia 800 milliún duine timpeall an domhain!

Fásann an casabhach go maith i ndrochithir agus ní fhulaingíonn sé de bharr triomaigh. Tagann stáirse taipióca ó fhréamhacha an chasabhaigh agus úsáidtear é le roinnt táirgí inár n-ollmhargaí a thiúchan.

I roinnt tíortha, fástar casabhach dá dhuilleoga chomh maith toisc go bhfuil suas le 25% próitéin iontu. Tá neart carbaihiodráite i bhfréamhacha an chasabhaigh ach tá na leibhéil phróitéine agus saille íseal.

Ainmneacha eile don chasabhach ná yuca agus manioc.



Fásann an casabhach i bhfeirmeacha beaga in os cionn 100 tír thrópaiceach agus fhothrópaiceach



Jeanne leis an gcasabhach a d'fhás sí le díoladh ag an margadh áitiúil sa Bhurúin. Grianghraf: Abbie Trayler-Smith/Panos ar son Concern